

Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra na hArdteistiméireachta, 2021 Treoir ‘Sula dTosaíonn Tú’

Is seirbhís é an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (TFSI) atá curtha ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus an Roinn Oideachais d’iarrthóirí an 6ú bliain a bhfuil iontráil déanta ina leith d’Ardteistiméireacht 2021.

Cuirfear eolas ar fáil in am trátha do scoileanna maidir le hiarrthóirí Bliain 1 den Ardteistiméireacht Fheidhmeach (atá sa 5^ú bliain). Níl siadsan san áireamh ar an tairseach ós rud é nach é seo an bhliain deiridh den chlár agus baileofar a gcuid eolais go díreach ón scoil.

Osclóidh an tairseach iarrthóra ar 12 meán lae, Dé Céadaoin an 10 Márta agus dúnfaidh sé ar 6 pm, Dé Máirt an 16 Márta. *Táimid ag súil le mórán daoine ar an Tairseach seo an tseachtain seo, mar sin bíodh foighne agat le do thoil agus na céimeanna á gcur i gcrích agat. Beidh gach deis agat an próiseas tábhachtach seo a chur i gcrích.*

Tá Treoir Céim ar Chéim faoin bpróiseas le do chuntas a chruthú agus le do roghanna a roghnú curtha i láthair thíos. Tá roinnt cinntí atá an-tábhachtach is gá duit a dhéanamh le linn an ama seo faoi d’Ardteistiméireacht, mar sin sula dtosaíonn tú an próiseas cláraithe, glac do chuid ama le do thoil agus léigh an treoir seo ina hiomláine.

Ba chóir d’iarrthóirí uile na hArdteistiméireachta agus iarrthóirí uile Bhliain 2 na hArdteistiméireachta Feidhmí a gcuntas tairsigh a chruthú anois ionas gur féidir leo a roghanna a dhéanamh maidir leis na scrúduithe a dhéanamh nó Gráid Chreidiúnaithe a fháil, nó an dá cheann.

Ní mór d’iarrthóirí freisin atá i mbun chláir na hArdteistiméireachta Seanbhunaithe agus na hArdteistiméireachta Gairme a n-ábhair agus leibhéil a dheimhniú le haghaidh na scrúduithe agus/nó na nGrád Creidiúnaithe.

D’iarrthóirí atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna (iarrthóirí scoile), is é do scoil a chuir an t-eolas a fheiceann tú ar an tairseach roinnt míonna ó shin. De gháth eisíonn CSS cóip chrua phearsantaithe chuig iarrthóirí scoile gach bliain ionas gur féidir leo a roghanna a dheimhniú le haghaidh na scrúduithe. I mbliana, tá an t-eolas seo ar fad á bhailiú tríd an TFSI. D’iarrthóirí a rinne iad féin a iontráil i leith na scrúduithe (iarrthóirí seachtracha) is é an t-eolas a fheiceann tú an t-eolas a chuir tú ar fáil do CSS nuair a rinne tú an iontráil.

Tá an deis agat anois aon earráidí i d’eolas iontrála a cheartú. B’fhéidir go dtarraingeoidh tú amach as ábhar freisin nó go gcuirfidh tú isteach ábhar a bheadh á staidéar agat lasmuigh den scoil.

Ní mór d’iarrthóirí scoile a chur in iúl freisin má tá sé beartaithe acu aon cheann dá scrúduithe a dhéanamh as Gaeilge agus ní mór dóibh siúd a bhfuil Ceol Ardleibhéal á dhéanamh acu an t-ábhar roghnach a roghnú atá á staidéar acu don Ardteistiméireacht. (Rinne iarrthóirí seachtracha na roghanna seo cheana féin nuair a rinne siad iontráil i leith na scrúduithe).

Eolas atá ag Teastáil Anois agus an Tábhacht a Bhaineann le do Chinntí

Is é an aidhm a bhaineann le heolas a bhailiú uait ag an bpointe seo ná ionas gur féidir linn na scrúduithe riachtanacha a chur i bhfeidhm chun tacú le hArdteistiméireacht 2021 a sholáthar.

Beidh deis eile agat athbhreithniú a dhéanamh ar do chuid roghanna ag deireadh mhí Aibreáin/tús mhí na Bealtaine.

Ach, ós rud é go mbeidh roinnt imeachtaí scrúdaithe tábhachtacha curtha i gcrích faoin am sin (na Béaltrialacha sa Ghaeilge agus sna Nuatheangacha lasachta agus cuid mhór de na dátaí le hObair Chúrsa a chur i gcrích) tá sé rithábachtach go dtuigeann tú an tionchar a bheidh ag na cinntí a dhéanann tú. Mar shampla, má roghnaíonn tú Grád Creidiúnaithe a fháil in ábhar teanga anois ach nach roghnaíonn tú an scrúdú a dhéanamh, ní bheidh an Bhéaltrial á déanamh agat nuair a bhíonn siad ar siúl idir 26 Márta agus 15 Aibreán. Má athraíonn tú d'intinn ansin agus má chinneann tú gur mian leat an scrúdú a dhéanamh beidh an deis caillte agat an Bhéaltrial a dhéanamh. Cé gur mhaith leat dul ar aghaidh agus an scrúdú scríofa a dhéanamh san ábhar, ní bheidh tú in ann na marcanna iomlána a bhaint amach mar go mbeidh na marcanna don Bhéaltrial caillte agat.

Má chuireann tú in iúl do rogha na scrúduithe a dhéanamh is gá duit an scrúdú scríofa agus na comhpháirteanna measúnaithe gaolmhara (béaltrialacha, obair chúrsa, srl.) a dhéanamh a bhaineann leis na hábhair a roghnaíonn tú scrúduithe a dhéanamh dóibh. Mura ndéanann tú na comhpháirteanna uile, ní bheidh tú in ann na marcanna iomlána a bhaint amach.

Fiú mura roghnaíonn tú na scrúduithe a dhéanamh, is gá duit bheith i dteagmháil le do mhúinteoirí go fóill agus bheith rannpháirteach agus an curaclam san ábhar sin a fhoghlaim de réir mar atá socraithe ag do mhúinteoir ranga.

Má chuireann tú comhpháirt mheasúnaithe ghaolmhar i gcrích, ach mura leanann tú ar aghaidh agus an scrúdú scríofa a dhéanamh, ní féidir an obair seo a mharcáil. Fiú má dhéantar an chomhpháirt a mharcáil, ní féidir an marc seo a úsáid mar chuid de do Ghrád Creidiúnaithe. Beidh do Ghrád Creidiúnaithe bunaithe ar an marc measta amháin atá curtha isteach le caighdeánú mar chuid de phróiseas na ngrád creidiúnaithe.

An chomhairle atá againn ná do roghanna a mheas go han-chúramach ag an bpointe seo agus an rogha a thabhairt duit féin maidir leis an scrúdú a dhéanamh i ngach ábhar ar feadh chomh fada agus is féidir. Tá sé seo tábhachtach do gach scoláire. Tá sé an-tábhachtach má tá ábhar á staidéar agat lasmuigh den scoil nó más iarrthóir seachtrach thú atá ag staidéar lasmuigh den scoil go hiomlán.

Cúis eile le do roghanna a choinneáil ar feadh chomh fada agus is féidir, ná nach bhfuil na sonraí faoi athruithe breise atá á ndéanamh ar scrúdpháipéir le bheith foilsithe go dtí an tseachtain ag tosú ar an 22 Márta. An aidhm a bheidh ag na coigeartuithe breise seo ná chun an t-ualach ar iarrthóirí a laghdú, agus struchtúr iomlán na scrúdpháipéar scríofa go ginearálta a choinneáil slán. I gcuid mhór de na cásanna seo is é a bheidh i gceist leis an coigeartuithe seo ná líon na gceisteanna a chaithfidh tú a fhreagairt a laghdú. Fanfaidh achar ama na scrúduithe mar an gcéanna mar atá leagtha amach sa tráthchlár foilsithe, agus dá bhrí sin beidh am sa bhreis curtha ar fáil duit chun an páipéar a léamh agus an méid ceisteanna is gá a fhreagairt.

Ag Roghnú Leibhéal na nÁbhar

Tá na sonraí curtha ar fáil againn do scoileanna (agus d'ionaid oideachais eile atá aitheanta ag CSS chun an Ardteistiméireacht a reáchtáil) maidir leis na hábhair agus na leibhéal a bhfuil na hiarrthóirí curtha isteach dóibh ag cur san áireamh go bhféadfadh an t-eolas seo a bheith as dáta mar b'fhéidir gur athraigh na hiarrthóirí leibhéal ó cuireadh an t-eolas ar fáil do CSS. Táimid tar éis iarraidh ar scoileanna teagmháil a dhéanamh lena scoláirí maidir leis an gcinneadh atá déanta acu faoin leibhéal ag a mbeidh a scrúduithe á ndéanamh acu. Ba chóir go mbeadh an leibhéal atá roghnaithe agat anois ar an tairseach an leibhéal ag a raibh tú ag staidéar agus ag ullmhú dó chun do scrúduithe a dhéanamh. Mar atá luaite cheana, beidh tú in ann é seo a athrú ar an tairseach ag deireadh mhí Aibreáin/tús mhí na Bealtaine.

Is iad na leibhéil a roghnaíonn tú ag deireadh mhí Aibreáin/tús mhí na Bealtaine (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal) an cinneadh deiridh iomlán le haghaidh do Ghrád Creidiúnaithe. Is é seo an leibhéal ag a bhfaighidh tú do Ghrád Creidiúnaithe i ngach ábhar. Ní féidir leatsa ná le do scoil an leibhéal seo a athrú ina dhiaidh sin. Ós rud é go mbeidh múinteoirí i mbun an phróisis mheastacháin, ní bheidh cead agat na leibhéil a athrú chun críche phróiseas na ngrád creidiúnaithe nuair a dhúnann an tairseach ag deireadh mhí Aibreáin/tús mhí na Bealtaine.

Má fhanann tú ag leibhéal níos airde ná an leibhéal a raibh tú ag staidéar agus ag ullmhú dó, ansin ba chóir go mbeadh a fhios agat go bhféadfadh an marc a chuireann an scoil ar fáil chun críche an Ghráid Chreidiúnaithe níos ísle ná mar a bhfuil tú ag súil leis.

Agus na leibhéil á roghnú agat ar an tairseach, beidh cead agat leibhéal amháin a roghnú do gach ábhar. Ní roghnaíonn tú leibhéil éagsúla do na scrúduithe agus do na Gráid Chreidiúnaithe.

Mar atá luaite, is é an leibhéal deiridh a roghnaíonn tú ar an tairseach (nuair a osclaíonn sé an chéad uair eile) an leibhéal ag a mbeidh do ghrád Creidiúnaithe bronnta ort. Má roghnaíonn tú na scrúduithe a dhéanamh, beidh cead agat do leibhéal a athrú i dtaca leis na scrúduithe scríofa ar lá an scrúdaithe.

Foghlaimoirí Lasmuigh den Scoil agus Scoláirí ag Stáidéar ábhair lasmuigh den scoil

Maidir le próiseas na nGrád Creidiúnaithe, beidh tuilleadh sonraí ar fáil go luath maidir le socrúithe le haghaidh scoláirí atá ag freastal ar scoileanna aitheanta ach atá ag staidéar ábhar lasmuigh den scoil agus scoláirí atá ag staidéar lasmuigh de scoileanna go hiomlán. Ba chóir a nótáil sa dá chás, ar chúiseanna cothromais agus cothroime beidh ar na hiarrthóirí seo fianaise shuntasach a chur ar fáil maidir lena gcuid foghlama le bheith i dteideal bheith curtha san áireamh le haghaidh Grád Creidiúnaithe. Má tá tú sa chatagóir seo, moltar go mór duit na scrúduithe a dhéanamh ós rud é nach bhfuil dearbhú ann go mbeifear in ann Gráid Chreidiúnaithe a chur ar fáil duit agus/nó go measfar go bhfuil fianaise shuntasach curtha ar fáil agat chun meastachán a chur ar fáil duit ag an leibhéal ag a mbeifeá ag súil lena bhaint amach sa scrúdú.

Seirbhísí Eile Curtha ar Fáil tríd an Tairseach Iarrthóra

Beidh réimse seirbhísí eile d'iarrthóirí d'Ardeistiméireacht 2021 curtha ar fáil tríd an tairseach níos déanaí. San áireamh anseo tá rochtain a dhéanamh ar do thorthaí sealadacha sna scrúduithe, Gráid Chreidiúnaithe, nó an ceann is fearr den dá cheann má roghnaíonn tú an dá cheann agus rochtain a dhéanamh ar na sonraí maidir le torthaí na scrúduithe agus/nó na ngrád creidiúnaithe, do ghráid agus do mharcanna i ngach ábhar san áireamh. Bainfidh tú úsáid as freisin chun féachaint ar scrípteanna scrúduithe, chun féachaint ar do scrípteanna in ábhair atá á marcáil ar líne i mbliana, le hiarratas achomhairc a dhéanamh agus le rochtain a dhéanamh ar thorthaí d'achomhairc.

Cabhair a Fháil

Féach ar an gcuid faoi Cheisteanna agus Freagraí ar leathanaigh 9 & 10 le haghaidh freagraí ar roinnt de na ceisteanna a bheadh agat faoi úsáid a bhaint as an Tairseach. Mura bhfaigheann tú an freagra ansin agus má bhíonn cúnaimh uait is féidir teagmháil a dhéanamh le deasc chabhrach Thairseach Iarrthóra an CSS ag **1800-111135 nó 1800-111136**. Tabhair faoi deara le do thoil, mar gheall ar shrianta COVID-19 beidh na línte fóin deasc chabhrach ar fáil idir **12 meán lae agus 6pm, Dé Céadaoin an 10^ú Márta** agus ó 9am go 6pm ón Déardaoin, an 11^ú Márta go dtí Dé Máirt, an 16^ú Márta. Lasmuigh de na huairanta seo is féidir leat ríomhphost a chur chuig candidateportal@examinations.ie

Cad is gá Dom a Dhéanamh Anois?

Cuir na céimeanna seo a leanas i gcrích idir 12 Meán lae, Dé Céadaoin an 10 Márta agus 6 pm Déardaoin an 16 Márta.

Iarrthóirí na hArdteistiméireachta	CÉIM 1 Cláraigh chun do chuntas a chruthú CÉIM 2 a. Deimhnigh do Shonraí Pearsanta b. Deimhnigh d'Ábhair agus na Leibhéal c. Roghnaigh Gráid Chreidiúnaithe agus/nó Scrúduithe ábhar ar ábhar Is gá duit a chur in iúl freisin más mian leat aon cheann de do scrúduithe a dhéanamh as Gaeilge. Is gá d'Iarrthóirí Ceoil Ardleibhéal a nÁbhar Roghnach a roghnú.
Iarrthóirí na hArdteistiméireachta Feidhmí (Bliain 2 amháin)	CÉIM 1 Cláraigh chun do chuntas a chruthú CÉIM 2 a. Deimhnigh do Shonraí Pearsanta b. Roghnaigh Gráid Chreidiúnaithe agus/nó Scrúduithe don chlár iomlán

CÉIM 1:- Cláraigh chun do Chuntas a Chruthú

1. Sula dtosaíonn tú an próiseas cláraithe is gá an t-eolas seo a leanas a bheith ar lámh agat:
 - a. do scrúduimhir —féach an Chuid faoi Cheisteanna & Freagraí thíos mura bhfuil an uimhir seo ar eolas agat.
 - b. D'Uimhir Aitheantais Phearsanta (PIN), is é sin na chéad 4 dhigit de d'Uimhir Phearsanta na Seirbhíse Poiblí (uimhir PSP) — féach an Chuid faoi Cheisteanna & Freagraí thíos mura bhfuil an uimhir seo ar eolas agat.
 - c. seoladh ríomhphoist a mbeidh rochtain agat air go rialta sna míonna amach romhainn
NB: Ná bain úsáid as cuntais ríomhphoist Yahoo/Ymail mar tá fadhbanna ann le ríomhphoist a sheoladh chuig cuntais Yahoo. Bain úsáid as cineál cuntais ríomhphoist eile le do thoil.
 - d. d'Uimhir fóin phóca.
2. Téigh chuig www.examinations.ie nó www.gov.ie/LeavingCertificate Cliceáil ar an **Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (TFSI) de chuid na hArdteistiméireachta 2021**

3. Roghnaigh an cnaipe glas **Céim 1: Cláraigh**. Treoraíonn sé seo tú go dtí an chéad leathanach den phróiseas Cláraithe.
4. Ar an leathanach seo cuir isteach do Scrúduithe sa chéad bhosca. Cuir isteach na chéad 4 dhigit de d'uimhir PSP sa bhosca ina bhfuil PIN marcáilte. Clliceáil ar **Cláraigh**. Treoraíonn sé seo tú go dtí an leathanach Cláraithe. Is é anseo an áit ina gcruthóidh tú do Chuntas Tairsigh Féinseirbhíse Iarrthóra.
5. **Chun do Chuntas a Chruthú** ar an leathanach seo, beidh ort an méid seo a leanas a chur isteach agus a dheimhniú;
 - a. D'uimhir fóin phóca
 - b. Do sheoladh ríomhphoist

Beidh ort pasfhocal a chruthú freisin a mbeidh ort a chur isteach agus a dheimhniú. Ní mór go mbeadh 8 gcarachtar ar a laghad sa phasfhocal agus ina bhfuil carachtair litreacha móra, litreacha beaga agus uimhreacha. Nuair atá sé seo déanta agat, clliceáil ar an gcnaipe **Cláraigh**.

6. **Faigh ríomhphost le do Chuntas a Ghníomhachtú** – ba chóir duit ríomhphost le do Chuntas a Ghníomhachtú a fháil ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit le do chuntas a ghníomhachtú. Cé go bhféadfá an ríomhphost a fháil láithreach bonn, seans go nglacfaidh sé cúpla uair an chloig (ag brath ar pholasaithe seachadta na soláthraithe ríomhphoist ar leith). Déan cinnte de freisin go seiceálann tú d'FHILLTEÁIN TURSCAIR & DRAMHPHOIST.

Mura bhfaigheann tú an ríomhphost le Cuntas a Ghníomhachtú tar éis 2 uair an chloig ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach – Teileafón 1800-111135 nó 1800-111136. Tabhair faoi deara le do thoil, mar gheall ar shrianta COVID-19 beidh na línte fóin deasc chabhrach ar fáil idir 12 meán lae agus 6pm, Dé Céadaoin an 10^ú Márta agus ó 9am go 6pm ón Déardaoin, an 11^ú Márta go dtí Dé Máirt, an 16^ú Márta. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin agus ríomhphost a chur **chuig** candidateportal@examinations.ie.

7. **Do Chuntas a Ghníomhachtú** — chun an próiseas cláraithe a chríochnú, caithfidh tú clliceáil ar an nasc sa ríomhphost a cuireadh chuig do chuntas ríomhphoist. Tíocfaidh an ríomhphost ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Má chliceálann tú ar an nasc sa ríomhphost cuirfidh sé seo an próiseas cláraithe i gcrích agus deimhneofar gur cruthaíodh do Chuntas Tairsigh Féinseirbhíse Iarrthóra. NB: **Ní dhéanfar do Chuntas a ghníomhachtú go dtí go gclliceálann tú ar an nasc sa ríomhphost le Cuntas a Ghníomhachtú.**

Nuair a chliceálann tú ar an nasc sa ríomhphost le Cuntas a Ghníomhachtú tabharfar tú go dtí an **Logáil isteach le haghaidh Céim 2**. Is féidir leat rochtain a dhéanamh ar an gcnaipe **Logáil isteach freisin ón Leathanach Baile TFSI**.

CÉIM 2

Logáil isteach i do Chuntas – cuir isteach do scrúduimhir agus an pasfhocal a chruthaigh tú le linn an phróisis chláráithe. Cliceáil ar an gcnaipe **Logáil Isteach**.

a. Sonraí Pearsanta

Tabharfaidh sé seo tú go dtí an Scáileán **Sonraí Pearsanta**. Ar an scáileán **Sonraí Pearsanta** feicfidh tú do shonraí pearsanta mar seo a leanas:

- D’ainm, Scrúduimhir agus Dáta Breithe.
- Más iarrthóir scoile tú beidh ort a dheimhniú má tá d’Ardteistiméireacht á hathdhéanamh agat. (Chuir iarrthóirí seachtracha an t-eolas seo ar fáil cheana féin.)
- Sonraí do Scoile – Luafar anseo ainm na scoile a bhfuil tú ag freastal uirthi (nó coláiste príobháideach nó ionad eile atá aitheanta ag CSS leis na scrúduithe a réachtáil). Taispeánfar Uimhir Rolla do Scoile freisin. (Más iarrthóir neamhspleách tú, nach bhfuil tú ar freastal ar scoil, beidh an chuid seo folamh.)

Ní féidir leat d’ainm ná do dháta breithe a athrú ar an tairseach. Má tá na sonraí seo mícheart, cuir in iúl do do scoil le do thoil le ríomhphost a chur chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit chun na sonraí seo a cheartú.

Más iarrthóir seachtrach tú (scrúduimhir a thosaíonn le 18xxxx) agus má tá na sonraí seo mícheart, cuir ríomhphost chuig candidateportal@examinations.ie leis na sonraí cearta.

Cliceáil ar an gcnaipe **Cliceáil anseo le Dul ar Aghaidh** le do thoil chun dul chuig **an gcéad leathanach eile**. Tá **an chéad leathanach eile difriúil ag brath ar an iarrthóir Ardteistiméireachta thú nó an iarrthóir Ardteistiméireachta Feidhmí (Bliain 2) thú.**

IARRTHÓIRÍ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA – (Ba chóir d’Iarrthóirí ATF Bliain 2 dul go dtí Leathanach 8 den Treoir seo)

- b. Deimhnigh na hÁbhair agus na Leibhéil
- c. Roghnaigh Gráid Chreidiúnaithe agus / nó Scrúduithe

Is gá duit a chur in iúl freisin más mian leat aon cheann de do scrúduithe a dhéanamh as Gaeilge agus is gá d’Iarrthóirí Ceoil Ardleibhéal a nÁbhar Roghnach a roghnú.

Ar an leathanach seo feicfidh tú sonraí faoi na hábhair agus na leibhéil ar fad a bhfuil iontráil déanta duit i leith Ardteistiméireacht 2021.

2021 Leaving Certificate Subjects
2021 Ráiteas ar Torthaí Sealaíochta

Scrúduitheir / Examination Number:

Tarraingt amach	Ábhar	Leibhéal	Roghnaigh do rogha(i)	Leagan Fáilpéar Béarla nó Gaeilge
<input type="checkbox"/>	GAEILGE	<input type="text"/>	Grád Chreidiúnaithe Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
<input type="checkbox"/>	BÉARLA	<input type="text"/>	Grád Chreidiúnaithe Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
<input type="checkbox"/>	MATAMAITIC	<input type="text"/>	Grád Chreidiúnaithe Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
<input type="checkbox"/>	TIREOLAÍOCHT	<input type="text"/>	Grád Chreidiúnaithe Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
<input type="checkbox"/>	SPÁINNIS	<input type="text" value="✓"/>	Grád Chreidiúnaithe Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
<input type="checkbox"/>	EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA	<input type="text"/>	Grád Chreidiúnaithe Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
<input type="checkbox"/>	BITHEOLAÍOCHT	<input type="text"/>	Grád Chreidiúnaithe Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
<input type="checkbox"/>	GNÓ	<input type="text"/>	Grád Chreidiúnaithe Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>
<input type="checkbox"/>	NASCMHODUL	<input type="text"/>	Grád Chreidiúnaithe Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/> <input type="checkbox"/>

Cuir isteach ábhar

Má tá ábhar eile a bhfuil staidéar á dhéanamh agat orthu nach bhfuil liostaithe thuas, cuir isteach iad anois.

Deimhniú: Agus tic á chur agat sa bhosca seo, tá do roghnúchán thuas á ndeimhniú agat

Déanfar tú a logáil amach go huathoibríoch in 19m 38s

Ba chóir duit dul siar go han-chúramach ar an eolas atá curtha ar fáil sula ndéanann tú do roghanna. Beidh tú in ann an méid seo a leanas a dhéanamh agus tic a chur sna boscaí nó roghnú a dhéanamh ó na roghchláir anuas (de réir mar is cuí):-

- Tarraingt amach as ábhar ina raibh iontráil déanta duit i leith na hArdteistiméireachta
- Leibhéal d'ábhar a athrú
- Ábhar* a chur isteach nach bhfuil liostaithe ina bhfuil clár staidéir á leanúint agat

** Má tá ábhar á chur isteach agat atá á staidéar agat lasmuigh den scoil nó mar fhoghlaimoir neamhspleách ba chóir duit a thabhairt faoi deara go mbeidh treoir mhionsonraithe maidir leis na Gráid Chreidiúnaithe ar fáil go luath. Ba chóir a nótáil sa dá chás, ar chúiseanna cothromais agus cothroime beidh ar na hiarrthóirí seo fianaise shuntasach a chur ar fáil maidir lena gcuid foghlama le bheith i dteideal bheith curtha san áireamh le haghaidh Grád Chreidiúnaithe. Má tá tú sa chatagóir seo, moltar go mór duit na scrúduithe a dhéanamh ós rud é nach bhfuil dearbhú ann go mbeifear in ann Gráid Chreidiúnaithe a chur ar fáil duit agus/nó go measfar go bhfuil fianaise shuntasach curtha ar fáil agat chun meastachán a chur ar fáil duit ag an leibhéal ag a mbeifeá ag súil lena bhaint amach sa scrúdú.*

- d. D'iarrthóirí a bhfuil iontráil déanta i leith Ceoil ag an Ardleibhéal, roghnaigh d'Ábhar Roghnach.
- e. Le haghaidh gach ábhair, cuir in iúl cé acu ar mian leat Gráid Chreidiúnaithe a fháil, an Scrúdú a dhéanamh. Cuir tic leis an dá bhosca más mian leat an dá cheann a roghnú.
- f. Má roghnaíonn tú an Scrúdú/na Scrúduithe a dhéanamh, cuir in iúl má tá leagan Gaeilge den pháipéar don scrúdú scríofa ag teastáil uait.

Sula ndéanann tú do roghanna, léigh an t-eolas tábhachtach atá curtha i láthair ar leathanaigh 1 agus 2 den Treoir seo le do thoil. Cuir an t-eolas is mó suas chun dáta atá agat le do thoil maidir lena bhfuil i gceist agat a dhéanamh ag an bpointe seo agus ag an tráth seo. Bainfidh CSS úsáid as an eolas seo chun críche pleanála.

Nuair atá do roghanna déanta agat tríd an bhfoirm a chomhlánú agus **sula** mbrúnn tú an cnaipe CUIR ISTEACH, ba chóir duit dul siar ar an leathanach lena chinntiú go bhfuil sé i gceart. Ní bheidh tú in ann dul siar le do roghanna a athrú ar an tairseach ag an tráth seo.

Ag deireadh an leathanaigh seo cuireann tú tic sa bhosca ansin ag deimhniú do roghanna agus ansin cliceálann tú ar an gcnaipe **Cuir Isteach**.

Nuair atá sé seo déanta, gheobhaidh tú leathanach deimhnithe atá tú in ann a phriontáil agus/nó a shábháil le haghaidh do chuid taifead. Gheobhaidh tú cóip den leathanach deimhnithe seo freisin ar ríomhphost ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Is é seo ar fad is gá duit a dhéanamh ag an bpointe seo. Moltar go mór duit do chuid sonraí cuntais a choinneáil go sábháilte (Scrúduimhir agus an pasfhocal a chruthaigh tú) ionas gur féidir leat rochtain a dhéanamh ar an tairseach ag deireadh mhí Aibreáin/tús mhí na Bealtaine nuair a athosclóidh sé don chéad chéim eile.

IARRTHÓIRÍ NA hARDTEISTIMÉIREAHTA FEIDHMÍ – BLIAIN 2

Ar an leathanach seo caithfidh tú a chur in iúl cé acu ar mian leat an Scrúdú Stáit a dhéanamh nó Gráid Chreidiúnaithe a fháil nó an dá cheann.

Beidh níos mó eolais mhionsonraithe á bhailiú ag CSS maidir le do thascanna nó d'ábhair ó do scoil in am trátha.

2021 Leaving Certificate Applied (Year 2)
 2021 Ardeistiméireacht Fheidhmeach (Bliain 2)

Scrúduimhir / Examination Number:

Grád Creidiúnaithe a Fháil

Suí Scrúduithe Stáit

Deimhnigh: Tríd an mbosca seo a sheiceáil, tá tú ag deimhniú do roghnúcháin thuas

Déanfar tú a logáil amach go huathoibríoch in 16m 36s

Cuir tic sa bhosca Deimhnigh thuas

Ceisteanna agus Freagraí faoin Tairseach

Níl mo Scrúduithe ar eolas agam – conas is féidir liom í sin a fháil?

- Ba chóir go mbeadh an uimhir 6-dhigit seo curtha ar fáil duit ag do scoil, ionad oideachais nó Coimisiún na Scrúduithe Stáit má rinne tú iontráil i leith na hArdteistiméireachta go neamhspleách. Seiceáil do chuid taifead don uimhir le do thoil.
- Mura bhfuil an uimhir seo agat agus má tá tú ag freastal ar scoil nó ar ionad oideachais eile (ionaid bhreiseoideachais agus ionaid oiliúna nó coláiste príobháideach san áireamh) ansin ba chóir duit iarraidh ar an scoil an uimhir a chur ar fáil duit.
- Más iarrthóir seachtrach thú ansin ba chóir go mbeadh an uimhir seo agat ar taifead ón gcomhfhreagras a fuair tú ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.
- Mura bhfuil tú fós in ann an uimhir seo a aimsiú, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Deasc Chabhrach le cúnamh a fháil.

Cad é mo PIN (Uimhir Aitheantais Phearsanta)?

Is é do PIN na chéad 4 dhigit de d'Uimhir Phearsanta de chuid na Seirbhíse Poiblí. Má chuireann tú do scrúduithe leis an PIN beidh tú in ann d'aitheantas a dheimhniú chun clárú leis an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (TFSI).

Cad is Uimhir PSP ann?

Is uimhir thagartha uathúil í d'Uimhir Phearsanta de chuid na Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP). Bíonn seacht n-uimhir i gcónaí in Uimhir PSP agus litir amháin nó dhá litir ina ndiaidh.

Níl m'Uimhir PSP ar eolas agam – cén áit ar féidir liom í a aimsiú?

1. Tiocfaidh tú ar d'Uimhir PSP ar na doiciméid seo a leanas:
 - Cárta Seirbhíse Poiblí
 - Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra
 - Cárta Eorpach um Árachas Sláinte
 - Cárta Scéim Íocaíochtaí Drugaí
 - Duillíní pá a fuair tú ó d'fhostóir, má tá tú ag obair
 - Comhfhreagras ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
2. Má tá tú i do chónaí sa bhaile le tuismitheoir nó le caomhnóir, seiceáil leo siúd le do thoil lena fháil amach an bhfuil d'Uimhir PSP ar eolas acu.

Má tá na foinsí ar fad atá molta seiceáilte agat agus mura bhfuil tú fós in ann d'Uimhir a aimsiú, is féidir leat a sheiceáil le do scoil mar b'fhéidir go mbeidh an uimhir sin acu ar a gcuid taifead. (**Tabhair faoi deara:** De bharr na héigeandála sláinte poiblí, ba chóir duit gach iarracht a dhéanamh d'Uimhir PSP a aimsiú, agus na céimeanna thuas a leanúint, sula dtéann tú i dteagmháil le do scoil.)

Tá na foinsí ar fad atá molta seiceáilte agam agus teagmháil déanta le mo scoil agus níl in ann m'Uimhir PSP a aimsiú go fóill?

Mura bhfuil tú in ann d'Uimhir PSP a aimsiú go fóill, ba chóir duit glaoch a chur ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag 071 967 2616 nó 1890 927 999. **Má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois, beidh ar do thuismitheoir nó do chaomhnóir an teagmháil seo a dhéanamh ar do shon.**

Níl Uimhir PSP agam, nó creidim nach raibh ceann agam nuair a rinne mé iontráil i leith scrúduithe na hArdteistiméireachta. Ar chóir dom ceann a fháil anois?

Níor chóir. Mura bhfuil UPSP agat, nó mura raibh ceann agat nuair a rinne tú iontráil i leith na scrúduithe, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an deasc chabhrach.

Tá m'uímhí PSP agam, agus chuir mé isteach na chéad cheithre dhigit mar mo PIN ach ní aithníonn an córas í, cad ba chóir dom a dhéanamh?

Má tá tú cinnte gur chuir tú isteach do scrúduimhir agus na chéad cheithre dhigit de d'uímhí PSP i gceart, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach.

Má tá mo chuntas cláraithe agam agus mura bhfuil an ríomhphost le Cuntas a Ghníomhachtú faighte agam cad ba chóir dom a dhéanamh?

Seiceáil ar bhain tú úsáid as seoladh ríomhphoist Yahoo/Ymail. Más rud é gur bhain tú úsáid as, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Deasc Chabhrach. Tá deacrachtaí leis na seoltaí ríomhphoist seo. Déanfaimid do chuntas a athshocrú agus beidh ort clárú arís ag baint úsáid as seoladh ríomhphoist eile.

Más rud é nár bhain tú úsáid as seoladh ríomhphoist Yahoo/Ymail, agus nach bhfuair tú an ríomhphost, ansin ba mhaith linn go ndéanfá an méid seo a leanas;

- Seiceáil d'fhillteáin Turscair agus Dramhphoist. Tiocfaidh an ríomhphost seo ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.
- Mura bhfuil sé ar fáil ansin, fan cúpla uair an chloig sula dtéann tú i dteagmháil linn. Seolfar an ríomhphost láithreach bonn ach tá polasaithe seachadta difriúla ag soláthraithe ríomhphoist agus seans go nglacfaidh sé 2-3 uair an chloig sula sroicheadh an ríomhphost do chuntas.
- Mura bhfuil sé tar éis teacht go fóill, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Deasc Chabhrach ansin.

Má bhíonn deacrachtaí teicniúla agam le rochtain a dhéanamh ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra, cad ba chóir dom a dhéanamh?

Má bhíonn aon deacrachtaí agat is féidir leat dul i dteagmháil leis an Deasc Chabhrach.

Conas a dhéanaim teagmháil leis an Deasc Chabhrach?

Is féidir teagmháil a dhéanamh le deasc chabhrach Thairseach CSS ag **1800-111135 nó 1800-111136**. Tabhair faoi deara le do thoil, mar gheall ar shrianta COVID-19 beidh na línte fóin deasc chabhrach ar fáil idir **12 meán lae agus 6pm, Dé Céadaoin an 10^ú Márta** agus ó 9am go 6pm ón Déardaoin, an 11^ú Márta go dtí Dé Máirt, an 16^ú Márta. Lasmuigh de na huaireanta seo is féidir leat ríomhphost a chur chuig candidateportal@examinations.ie

Cosaint Sonraí

Tá na sonraí iomlána maidir le polasaithe um chosaint sonraí Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus na Roinne Oideachais ar fáil ar <https://www.examinations.ie/cosaint-sonraí/> agus <https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Cosaint-Sonraí/Eolas.html>